Coláiste | Aonad Bainistíochta	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD
Scoil | Aonad	Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD - Lároifig
Teideal an Phoist & Réimse Ábhair *(más ábhartha)*	**Ceannaire Foirne Tacaíochta Riaracháin**
Tréimhse an Phoist	Sealadach ar Bhonn Téarma Socraithe 3 bliana
Grád	AO2
Cnuasach Poist agus Leibhéal Gairme	Bainistíocht & Oibríochtaí Acadúil agus Clár (APOM) - Leibhéal Gairme 3
Uimhir Thagartha don Ghrádú Poist	2018/086
Bainisteoir Líne	Bainisteoir Pleanála agus Tionscadail, Lároifig Choláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD, agus/nó a (h)ainmní
Uimhir Thagartha an Chomórtais	020030
Riarthóir Acmhainní Daonna	Yasemin Ozdemir

Achoimre ar an bPost:

Is mian le Coláiste na nEolaíochtaí Talmhaíochta agus Sláinte UCD Ceannaire Foirne Tacaíochta Riaracháin a earcú chun tacú le gníomhaíochtaí agus tascanna riaracháin. Tuairisceoidh an ceapaí don Bhainisteoir Pleanála agus Tionscadail agus oibreoidh siad go dlúth leis an bhFoireann Bainistíochta sa Choláiste nó a chomhionann, agus le Leas-Uachtaráin. Is gné thábhachtach den phost seo córas tacaíochta riaracháin solúbtha, réamhghníomhach a bhunú agus a bhainistiú don Choláiste.

Beidh an t-iarrthóir rathúil i gceannas ar an bhFoireann Tacaíochta Riaracháin, lena n-áirítear Cúntóir Pearsanta Phríomhoifigeach an Choláiste. Tá an fhoireann seo freagrach as tacaíocht riaracháin laethúil den scoth a sholáthar chun a chinntiú go seachadtar seirbhísí acadúla agus mac léinn go gairmiúil agus go héifeachtúil ar fud an Choláiste. Is príomhfhócas den ról seirbhís a choinneáil atá an-fhreagrúil agus solúbtha araon, ag freastal ar riachtanais na mac léinn, na scoileanna agus na foirne agus ag tacú le cuspóirí comhroinnte an Choláiste ag an am céanna.

Beidh an ceapaí ag obair i dtimpeallacht spreagúil atá ag athrú i gcónaí. Freisin, beidh siad páirteach i réimse dualgas agus freagrachtaí chun tacú le cur i bhfeidhm agus oibriú rathúil na seirbhíse tacaíochta acadúla agus mac léinn atá ag Foireann nua an Choláiste, lena n-áirítear an USM nua nuair a chuirfear i bhfeidhm é san Ollscoil.

© Acmhainní Daonna UCD